# Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2025 – 2029

*Comhairliúchán Poiblí: Eanáir 2025*

**Spriocdháta Freagartha: 5in., Dé hAoine, an 21ú Feabhra 2025**

**Cúlra an Chomhairliúcháin Phoiblí seo**

Bunaíodh SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) sa bhliain 2013 mar ghníomhaireacht an stáit leis an bhfreagracht as breisoideachas agus oiliúint (FET) in Éirinn. Mar chuid dá cúram, ceanglaítear ar SOLAS straitéis maidir le FET a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta gach cúig bliana.

Tá comhairliúchán poiblí oscailte faoi láthair ina bhfuil ionchur á iarraidh ag SOLAS ó gach páirtí leasmhar chun cabhrú linn an treo straitéiseach don earnáil FET a mhúnlú suas go dtí an bhliain 2029. Cé go ndearnadh an-chuid dul chun cinn lena chinntiú gur féidir linn aghaidh a thabhairt mar earnáil ar na riachtanais maidir le scileanna criticiúla in Éirinn, bhí tionchar ollmhór ag treochtaí móra amhail gníomhú ar son na haeráide, claochlú digiteach, cur isteach domhanda agus déimeagrafaic atá ag dul in aois ar FET cheana. Ní rachaidh sé sin ach níos measa sna blianta amach romhainn. Tá dúshláin amhail Intleacht shaorga (IS) romhainn freisin, agus a tionchar ar an bhfoghlaim, ar an bhfoghlaimeora, agus ar na scileanna atá ag teastáil le haghaidh oibre agus ar an domhain mór ina mairimid. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an straitéis FET eile sofhreagrúil agus go gceadaítear léi dúinn dul i ngleic agus dul in oiriúint le dúshláin nua de réir mar a thugaimid aghaidh orthu.

Chomh maith lenár n-uaillmhian fás a bhaint amach san earnáil, ba mhaith linn freisin na chéad chéimeanna eile a ghlacadh chun a bheith mar cheannaire scileanna ECFE den chéad scoth agus ár ráta rannpháirtíochta foghlama ar feadh an tsaoil in Éirinn a mhéadú. Tá ról ríthábhachtach ag an gcéad straitéis FET eile chun freastal ar riachtanais na hÉireann maidir leis an lucht saothair agus scileanna amach anseo. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chur chuige agus struchtúir

scileanna na hÉireann le hAthbhreithniú ar Straitéis Scileanna 2023 an ECFE. Tháinig an t-athbhreithniú ar an gconclúid go gcaithfear le héiceachóras scileanna na hÉireann tabhairt faoi mhórathrú mar gheall ar scála agus luas an athraithe ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun leas a bhaint as deiseanna chun geilleagar na hÉireann a chothú. Dúradh freisin go bhfuil sé tráthúil go smaoineodh Éire ar conas tógáil go huaillmhianach ar a láidreachtaí agus scileanna a chur i gcroílár chur chuige uile-Rialtais, mar aon le hinfheistíocht shuntasach.

Leagadh béim i gClár nua an Rialtais 2025 ar an ngá le hinfheistíocht sa bhreisoideachas agus san ardoideachas a dhéanamh ar bhonn leanúnach mar chuid lárnach don phlean uaillmhianach maidir le fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach agus tugadh gealltanas ann go mbeadh deiseanna ar fáil do chách mar gheall ar an infheistíocht seo, agus ag an am céanna go mbeifí in ann aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann le scileanna sa tír seo chomh maith leis na príomhdhúshláin a bhaineann le teicneolaíocht/cleachtais oibre atá nua/ag teacht chun cinn. Ní mór acmhainní cearta a bheith ar fáil don earnáil breisoideachais agus ardoideachais, ní hamháin chun scileanna daoine a fhorbairt ar mhaithe lenár ngeilleagar ach ar mhaithe le pobail áitiúla freisin trí tacaíocht a chur ar fáil dá bhfostóirí agus trí imeachtaí cultúrtha agus spóirt a chothú ina measc.

Tháinig claochlú suntasach ar an earnáil FET le cúig bliana anuas, agus tá sé tábhachtach go leanfaimid leis an treocht seo ionas gur féidir le FET a bheith ina príomh-thiománaí don chomhionannas agus don chuimsiú, lena gcinntítear rochtain ar oideachas do chách agus conairí agus go n-aithnítear FET mar phíosa bunriachtanach den bhonneagar náisiúnta ar an mbealach céanna a gcuirtear luach ar thithíocht, ar iompar nó ar shláinte. Táimid ag iarraidh treochlár uaillmhianach a thógáil do FET thar na cúig bliana amach romhainn lena gcinntítear go bhféadfaidh sé ról tábhachtach a bheith aige chun freastal ar riachtanais na hÉireann maidir leis an lucht saothair agus scileanna amach anseo, chun rannpháirtíocht san fhoghlaim i measc daoine fásta de gach aois a leathnú, chun eispéireas foghlaimeora atá seasmhach a chinntiú, agus chun leanúint ar aghaidh le claochlú agus leasú a chur chun cinn ar fud na hearnála.

**An Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) in Éirinn**

Is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) a chuireann FET ar fáil ag an leibhéal áitiúil. Tá 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) in Éirinn a bhainistíonn agus oibríonn, mar chuid dá sainchúram, coláistí Breisoideachais (FE), Ionaid Oiliúna, Ionaid Ógtheagmhála agus réimse ionaid oideachais aosach agus breisoideachais a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna ar fud na tíre.

Tháinig fás urghnách ar éileamh na hearnála FET in 2023 agus 2024, agus tháinig méadú thart ar 17% ar an mbonn foghlaimeora ó 2022 go 2023 agus tuilleadh fáis in 2024**.** Bhí duine fásta as gach deichniúr in Éirinn – timpeall 425,000 duine – páirteach i ngníomhaíocht FET in 2023 agus 2024.

Tugtar leis na figiúirí sin le fios go láidir dúinn go bhfuil FET ag fás agus ag soláthar agus go bhfuil ardán láidir á chur ar fáil aige chun a thuilleadh uaillmhian bhreise a chur chun cinn do FET, ní amháin dá fhoghlaimeoirí, ach don gheilleagar, don lucht saothair, do phobail agus don tsochaí freisin.
Tugtar le fios leis na figiúirí sin freisin méaduithe ar an ráta foghlama ar feadh an tsaoil agus rannpháirtíocht níos mó i measc na ndaoine is imeallaithe inár bpobail.

**Riachtanais Scileanna na hÉireann a Sholáthar**

Tá an cumas ag FET lucht saothair atá seasmhach agus solúbtha a thógáil chun freastal ar riachtanais scileanna na hÉireann amach anseo agus ar thosaíochtaí an Rialtais lena n-áirítear Tithíocht do Chách, an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta, agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, a thugann aird ar riachtanais chun freastal ar riachtanais scileanna digiteacha, tógála agus lucht oibre glais lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le modhanna tógála nua-aimseartha (MMC) agus gaoth ón talamh. Bíonn ról suntasach ag FET maidir leis an bPlean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí 2021-2025. Beidh rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí feabhsaithe le fostóirí, le grúpaí ionadaíocha na hearnála lárnach maidir le córas FET atá freagrúil a chinntiú atá ailínithe le riachtanais scileanna an lucht saothair.

Cuirtear ar fáil le ról an FET maidir le forbartha scileanna agus conairí a chur ar fáil le haghaidh fostaíochta chuig deiseanna oideachais eile an seans Éire a fheistiú le córas scileanna atá solúbtha, freagrúil agus sofhreagrúil, atá in ann aghaidh a thabhairt ar threochtaí móra um scileanna domhanda maidir le digitiú/intleacht shaorga, dícharbónú agus dídhomhandú a bhfuil claochlú tapa eacnamaíoch agus sóisialta á spreagadh mar gheall orthu, mar a shonraítear san athbhreithniú ar Straitéis Scileanna an ECFE.

Beidh an earnáil FET, trína 16 BOOanna, in áit ar leith laistigh den tírdhreach oideachais tríú leibhéal chun aghaidh a thabhairt ar bhunriachtanais scileanna idirmheánacha sa mhargadh fostaíochta agus chun foghlaim ar feadh an tsaoil do dhaoine fásta a neartú a bheidh lárnach chun freastal ar riachtanais an 21ú haois, chun nuálaíocht a spreagadh agus chun táirgiúlacht a neartú i ngnóthais bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) i ndomhain oibre atá á chlaochlú ag an teicneolaíocht. Tríd an bhforbairt scileanna sin a chothú agus trí chonairí le haghaidh fostaíochta agus deiseanna oideachais eile a chur ar fáil, tá ról lárnach ag BOOanna a chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir barr a gcumais a bhaint amach.

Chun riachtanais scileanna a sholáthar, tá córas oideachais agus scileanna atá níos cothroime ag teastáil, rud ar a dtugadh aird air le hathbhreithniú an ECFE a rinneadh le déanaí. Aithnítear leis sin go bhfuil roinnt daoine níos oiriúnaí do chonairí gairme agus teicniúla amhail FET agus printíseachtaí

go háirithe d'fhágálaithe scoile, agus go bhfuil gá le conairí níos soiléire idir breisoideachas agus ardoideachas (lena n-áirítear trí na cláir tríú leibhéal nua – a thacaíonn le daoine chun tús a chur le cúrsa i BOO agus leanúint ar aghaidh in Institiúid Ardoideachais (HEI) chun céim a bhaint amach). Leanfar ar aghaidh le hobair chun cur chuige níos comhordaithe agus níos seasmhaí a fheabhsú a thuilleadh maidir le haistrithe FET-HE mar chuid den straitéis nua FET.

**An chaoi a gcuirimid FET ar fáil a athrú go bunúsach**

Tá ról lárnach ag an earnáil FET a chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir barr a gcumais a bhaint amach. É sin ráite, tá riachtanais aonair na bhfoghlaimeoirí éagsúil agus tá an bealach ina bhfuil siad ag foghlaim ag athrú. Ní mór go mbeadh FET in ann freagairtí sofhreagrúla a chur ar fáil do thimpeallacht atá ag athrú go tapa – agus riachtanais aonair, oideachais agus scileanna á gcur san áireamh.

Aithnítear le hAthbhreithniú Ardleibhéil (HLR) ar an straitéis FET reatha, cé go ndearnadh leasú suntasach ar an earnáil, beidh iarrachtaí breise ag teastáil ag teastáil agus éilítear leis 'mór-athrú ar luas an dul chun cinn maidir leis na príomhthéamaí cumasaithe a bhaint amach.' Beidh gá le hathrú agus athchóiriú a dhéanamh ar dhearadh eagraíochtúil reatha, ar struchtúir foirne agus ar acmhainní na hearnála FET chun tacú le riachtanais na tíre amach anseo maidir le oiliúint, athoiliúint agus uasoiliúint an lucht saothair agus pleananna infheistíochta caipitil a sholáthar. Leagann an HLR béim ar bhailiú agus anailísiú leanúnach sonraí agus go bhfuil siad riachtanach chun an córas FET a bharrfheabhsú.

Mar a leagtar amach sa straitéis FET reatha, beidh an méid a leanas lárnach le haghaidh fhorbairt rathúil na hearnála; forbairt na n-áiseanna FET agus iad a sholáthar i gColáistí Comhtháite Uathúla FET na Todhchaí, atá in ann feabhas foghlama pobalbhunaithe a éascú, atá ríthábhachtach chun freastal ar riachtanais scileanna gheilleagar na réigiún agus chun lucht saothair na hÉireann amach anseo a fheabhsú.

Is gné ríthábhachtach é nuachóiriú a dhéanamh ar bhonneagar sa phróiseas chun an earnáil FET a chlaochlú agus a solúbthacht, a gastacht, agus a inrochtaineacht chun tosaíochtaí an Rialtais a chomhlíonadh. Ó 2020 i leith, tháinig méadú suntasach ar infheistíocht caipitil chun dul i ngleic le heasnaimh i mbonneagar FET. Cé go n-aithnítear é sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil níos mó i gceist le Coláiste FET na Todhchaí ná struchtúr fisiciúil. Tá ailíniú straitéiseach an pholasaí agus na hinfheistíochta caipitil FET ríthábhachtach agus beidh sé lárnach do rath an leasaithe ar pholasaí FET agus ar Choláiste na Todhchaí. Cuimsítear leis sin sainionaid FET maidir le forbairt scileanna a fhorbairt, ag díriú go háirithe ar riachtanais bhreisoiliúna SME a chomhlíonadh i

réimsí tábhachtacha amhail fáilteachas, miondíol, tógáil, déantúsaíocht, an geilleagar glas agus teicneolaíocht.

**Rannpháirtíocht a leathnú a thuilleadh trí nascadh le pobail agus le seirbhísí**

Bhí ról tábhachtach ag FET maidir le cuimsiú a thacú agus bealach ar ais chuig oideachais do dhaoine fásta de gach aois a sholáthar. Bhí tionchar ollmhór ag COVID ar an ról sin agus cé gur tháinig méadú ar líon na bhfoghlaimeoirí arís ó na príomh-spriocghrúpaí, tá scóip ann chun i bhfad níos mó a dhéanamh. Ina theannta sin, tháinig dúshláin nua chun cinn lena n-áirítear coimhlint na hÚcráine, eisiamh digiteach agus daonra atá ag dul in aois. Tá deis ann chun ról tábhachtach agus uathúil atá ag FET a neartú a thuilleadh i bpobail áitiúla ar fud na hÉireann maidir le haontacht shóisialta agus saoránacht ghníomhach a fheabhsú. Ní mór go mbeadh fócas leanúnach ag an straitéis nua ar ionchuimsiú d'fhonn a chinntiú nach bhfágtar na foghlaimeoirí is imeallaithe ar lár trí chomhionannas deiseanna a sholáthar do gach saoránach, cur le heispéiris agus tacaíochtaí comhsheasmhacha an fhoghlaimeora.

**Aighneacht a Dhéanamh**

Tá do thuairimí á lorg againn ar thrí réimse téamacha a bheidh lárnach do rath na Straitéise FET nua:

**Téama 1**: Riachtanais Scileanna na hÉireann a Sholáthar

**Téama 2**: Athrú Bunúsach á dhéanamh ar an mBealach a gCuirimid FET ar fáil

**Téama 3**: Rannpháirtíocht a leathnú a thuilleadh trí nascadh le pobail agus le seirbhísí.

Is é seo deis duit ionchur a bheith agat i dtodhchaí na earnála FET in Éirinn agus a treo straitéiseach do na cúig bliana atá amach romhainn agus ina dhiaidh sin a mhúnlú. Déanfar t-aiseolas ar fad a bhailiú, a anailísiú agus cuideoidh sé leis an plé ina dhiaidh sin a mhúnlú.

Ba cheart aighneachtaí a sheoladh chuig fetstrategy@solas.iele **"Aighneacht Straitéise FET 2025-2029"** i líne an ábhair agus ba cheart iad a sheoladh faoin **5in, 21ú Feabhra 2025**.

***Saoráil faisnéise***

*Tabhair do d'aire le do thoil, faoi Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 go 2014, go bhféadfaí faisnéis a soláthrófar le linn an chomhairliúcháin sin a nochtadh. Tá sé beartaithe go gcuirfear gach aighneacht a gheofar ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus mar sin d'fhéadfaí iad a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin nuair a fhoilseofar an Ráiteas Straitéise.*

***Cad a dhéanfaimid le do fhreagra***

*Forbrófar tuarascáil ar thorthaí an phróisis comhairliúcháin chun bonn eolais a chur faoi dhearadh agus faoi fhorbairt na chéad straitéise FET eile. D'fhéadfaí an tuarascáil sin a fhoilsiú* *https://www.solas.ie/data-protection/*

*Míle buíochas as do chuid ama ag tacú linn san obair ríthábhachtach seo.*